C/2026/3121

10.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12369 — LIBERTY GLOBAL / VODAFONEZIGGO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3121)

1. An 1 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Liberty Global Holding B.V. ('LGH', an Ísiltír) atá faoi rialú Liberty Global Limited ('Liberty Global', Beirmiúda),

— VodafoneZiggo Group Holding B.V. ('VodafoneZiggo', an Ísiltír), faoi rialú comhpháirteach Liberty Global agus Vodafone Group Plc (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh LGH rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar VodafoneZiggo ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá LGH mar chuid de Liberty Global Limited, cuideachta idirnáisiúnta cóineasaithe seirbhísí idirlín leathanbhanda, físeán, teileafónaíochta líne fosaithe agus cumarsáide móibílí.

— Is soláthraí seirbhísí cumarsáide agus siamsaíochta leathanbhanda, móibíleacha, físe agus comhtháite é VodafoneZiggo do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí ar fud na hÍsiltíre.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12369 — LIBERTY GLOBAL / VODAFONEZIGGO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË